

Oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

PLÉCHAIPÉIS LE
PÁDRAIG Ó DUIBHIR

ROIKN AN OIDEACHAIS
COLÁISTE PHÁDRAIG
DROIM CONRACH
BAILE ÁTHA CLIATH 9

UIMHIR 2
DEIREADH FÓMHAIR 2006

www.cogg.ie

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscoláiochta



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscoláiochta



www.cogg.ie

Clár

1.	Réamhrá	I
2.	Oideachas müinteoirí	I
2.1	Réamhsheirbhís, ionduchtú, agus forbairt ghairmiúil leanúnach	I
3.	Oideachas réamhsheirbhíse don tumoideachas, don dátheangachas, agus do theagasc tríd an dara teanga	I
3.1	Saintréithe an tumoideachais	I
3.2	Saintréithe an oideachais Ghaeltachta	2
3.3.1	Réamhsheirbhís	2
3.3.2	Soláthar d'oideachas réamhsheirbhíse	3
4.	Ionduchtú	
4.1	Soláthar d'ionduchtú	7
5.	Forbairt ionghairme	7
5.2	Riachtanais phearsanta, riachtanais scoile, agus riachtanais chórasacha	8
5.3	Forbairt ionghairme don tumoideachas	9
5.4	Moltaí maidir le forbairt ionghairme don tumoideachas agus teagasc tríd an dara teanga	10
5.5	Measúnú ar riachtanais fhorbartha ghairmiúla	II
5.6	Freastal ar riachtanais ionghairme	12
6.	Struchtúr tacaíochta náisiúnta d'fhorbairt ghairmiúil na müinteoirí Gaeltachta agus Gaelscolaíochta	I4
7.	Achoimre	15
8.	Moltaí	16
9.	Leabharliosta	18



Réamhrá

Dírfonn an phlécháipéis seo ar oideachas múinteoirí agus ar thacaíocht ionghairme le teagasc tríd an dara teanga i gcoitinne. Tá an phríomhbhéim ar mhúineadh trí Ghaeilge, cé go ndéantar roinnt tagairtí do mhúineadh na Gaeilge trí chéile. Déantar iniúchadh ar an soláthar in Éirinn i láthair na huaire d'oideachas na múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal. Tugtar tuairisc ar na moltaí atá déanta i dtíortha eile maidir le soláthar oideachais do mhúinteoirí atá ag teagasc tríd an dara teanga. Déantar iniúchadh ansin ar an tuiscint is déanaí sa litríocht ar fhobairt ghairmiúil. Scagtar na dóigheanna éagsúla le riachtanais fhobhartha ghairmiúla a mheas agus na bealaí is fearr le freastal ar na riachtanais sin.

Déantar moltaí maidir le réamhsheirbhís, ionduchtú, agus forbairt ghairmiúil na múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Moltar go mbunófaí struchtúr tacaíochta d'fhobairt ghairmiúil: struchtúr le dóthain maoine agus foirne le gur féidir leis sainriachtanais na hearnála seo a chur chun cinn.

Oideachas múinteoirí

2.1 Réamhsheirbhís, ionduchtú, agus forbairt ghairmiúil leanúnach

Aithnítear go forleathananois go bhfuil trí ghné d'oideachas agus d'fhobairt ghairmiúil an mhúinteora ann, eadhon, oideachas réamhsheirbhíse, ionduchtú do mhúinteoirí nuacháilthe, agus forbairt ionghairme (An Roinn Oideachais 1984; Lapkin et al. 1990; OECD 1991; CMÉ 1993; An Roinn Oideachais 1995; Day agus Shapson 1996; Egan 2004). Féachtar air mar rud leanúnach agus glactar leis anseo go mbaineann sé le gné ar bith de phróiseas foghlama múinteoirí ina ndéanann siad iarracht a gcleachtas agus a gcuid scileanna múinteireachta a leasú d'fhoinn feabhas a chur ar fhoghlaim na bpáistí (McMahon 1998). Is é an phríomhsprior atá acu mar sin ná feabhas a chur ar fhoghlaim na bpáistí.

Oideachas réamhsheirbhíse don tumoideachas, don dátheangachas, agus do theagasc tríd an dara teanga

3.1 Saintréithe an tumoideachais

Cineál faoi leith oideachais é an tumoideachas seachas díreach múinteoireacht teanga, dar le Bernhardt (1992). Is coimriú é seo thíos ar shaintréithe an tumoideachais a tharraingíonn ar an méid atá scríofa ag Johnson agus Swain (1997):

Tá an curaclam céanna ann ach amháin go múintear é tríd an dara teanga

Tugtar tacaíocht don chéad teanga

Dátheangachas suimíoch atá mar sprioc ag an gclár

Tarlaíonn formhór na teagmhála leis an dara teanga sa seomra ranga

Bíonn formhór na ndaltaí ar leibhéal íseal cumais sa dara teanga nuair a thosaíonn siad ar an gclár

Tá na múinteoirí dátheangach

Is ionann cultúr an tseomra ranga agus an cultúr áitiúil.

02

Cé go bhfuil go leor cosúlachtaí idir scoil tumoideachais agus scoil a mhúineann tríd an chéad teanga maidir le struchtúr, curaclam agus cultúr de, feictear go bhfuil cúrsaí teanga lárnach i bpróiseas an tumoideachais. Múinteoreacht agus foghlaim ábhar-bhunaithe atá i gceist ina bhfuil ábhar agus teanga comhtháite (Swain 1998). Le linn do dhaltaí a bheith ag foghlaim faoi thopaic éigin, tá siad ag sealbhú an dara teanga ag an am céanna. Ní mór do mhúinteoirí aird a dhíriú ar ábhar an cheachta agus ar shealbhú an dara teanga ag an am céanna (Mac Corraidh 1999). Is múinteoirí ábhair agus teanga iad múinteoirí na Gaelscolaíochta (Ní Chaisil 2000). De gnáth ní bhíonn mórán tacáiochta don dara teanga lasmuigh den seomra ranga ach oiread. Dá bhrí sin caithfidh múinteoirí deiseanna a chur ar fáil do na daltaí réimse leathan teanga a úsáid sa seomra ranga agus i dtimpeallacht na scoile trí straitéisí éagsúla ar nós foghlaim chomhoibritheach agus obair i ngrúpaí a eagrú. Tá tábhacht ag baint leis an mbealach a gceartaíonn múinteoirí earráidí na bpáistí agus an modh ceistiúcháin a úsáidtear chomh maith (de Courcy 2002). Tá scileanna faoi leith ag teastáil ó mhúinteoirí chun modhanna mar seo a úsáid (Brinton et al. 2003). Má ghlactar leis an tuairim go bhfuil difríochtaí faoi leith sainiúla idir múinteoreacht agus foghlaim tríd an chéad teanga agus tríd an dara teanga beidh gá le hoideachas faoi leith a chur ar mhúinteoirí sna réimsí sin (Ó Duibhir 2000).

3.2 Saintréithe an oideachais Ghaeltachta

Tá difríochtaí suntasacha ann idir na saintréithe thusa agus an t-oideachas a chuirtear ar pháistí ar cainteoirí dúchasacha Gaeilge iad sa Ghaeltacht. Níl na páistí seo tumtha i dteanga nua nach bhfuil ar eolas acu, ach tá páistí eile thart timpeall orthu nach bhfuil Gaeilge ag an mbaile acu agus tá tionchar aige seo ar straitéisí na múinteoirí. Rinne taighde Mhic Dhonnacha (2005) catagóiriú ar na scoileanna Gaeltachta de réir líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge a bhí i gceantar na scoileanna. Sna ceantair is láidre Gaeilge ina labhraíonn 70% den phobal nó níos mó Gaeilge go laethúil bhí "...Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 54% de na daltaí i rang na náfonán beag sna scoileanna seo." (Mac Donnacha et al. 2005:41). Feictear mar sin sna ceantair is láidre Gaeltacht nach bhfuil ach beagán os cionn leath na ndaltaí ag teacht chun na scoile le Gaeilge líofa nó mhaith. Sna ceantair Ghaeltachta is laige ó thaobh teanga de ina labhraíonn níos lú ná 39% den phobal an Ghaeilge go laethúilní raibh ach 12% de na daltaí i rang na náfonán beag a raibh Gaeilge líofa nó mhaith acu. Má scrúdaítear liosta na saintréithe thusa (Johnson agus Swain:1997) feictear go bhfeileann siad don chéatadán ard daltaí a thagann chuig scoileanna Gaeltachta gan Ghaeilge mhaith. Ceann de na deacrachartaí is mó atá ag múinteoirí i scoileanna Gaeltachta ná déileáil leis an éagsúlacht chumais seo i ranganna ilghráid (Muintearas 2000). Feidhmíonn 69% de na múinteoirí i scoileanna trí oide nó níos lú (Mac Donnacha et al. 2005). Tá dúshlán mór rompu Gaeilge na gcainteoirí maithe a shaibhriú an fad is atá an chuid eile ag sealbhú na Gaeilge mar dhara teanga. Anus air sin tá an Béarla le teagasc mar dhara teanga do na cainteoirí dúchasacha Gaeilge. Tá cuidí de dhíth ó mhúinteoirí na scoileanna Gaeltachta dul i ngleic leis na fadhbanna seo.

3.3.1 Réamhsheirbhís

Rinne Day agus Shapson (1993) léirbhreithniú litríochta leis na gnéithe sainiúla den tumoideachas a aithint i gcomhthéacs oideachas múinteoirí. Is coimriú é seo thíos ar na gnéithe breise, dar leo, gur ghá a bheith mar chuid de chúrsa réamhsheirbhíse chun múinteoirí a ullmhú le teagasc tríd an dara teanga;

- Cumas labhartha an mhúinteora sa sprioctheanga
- Teoiricí ar sealbhú an dara teanga
- Modheolaíocht don tumoideachas
- Feasacht cultúir
- Cleachtadh múinteoreachta i scoileanna tumoideachais.

Má ghlactar leis go bhfuil na sainriachtanais seo ann, beidh gá oideachas réamhsheirbhíse

faoi leith a chur ar mhúinteoirí. Aontaíonn Cumann Múinteoirí Éireann leis seo, deir siad: 'Tá gá go gcinnteodh na Coláistí Oideachais go n-ullmhaítar mic léinn le dul ag múineadh sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge' (CMÉ 1998:12).

3.3.2 Soláthar d'oideachas réamhsheirbhísé

Déantar scagadh anseo ar an gcleachtas i roinnt tíortha eile agus in Éirinn maidir le mhúinteoirí a ullmhú don tumoideachas. In Ollscoil Toronto, i gCeanada, eagraítear cursa chun mhúinteoirí a ullmhú le múineadh trí Fhraincis. Is iad na modúil a chuirtear ar fáil ar an gcúrsa seo ná;

1. Methods and techniques for content-based teaching in immersion;
2. Integrating the formal aspects of French language teaching (grammar, vocabulary, pronunciation) into content-based, immersion teaching; and
3. Integrating culture, strategy training, language awareness into immersion curricula. (Ontario Institute for Studies in Education, 2005)

Cuireann siad an cursa féin i láthair trí Fhraincis agus caithfidh na mic léinn cursa inniúlachta Fraincise a dhéanamh le háit a fháil ar an gcúrsa. Freastalaíonn an cursa seo ar mhúinteoirí bunscoile agus meánscoile. Tá cursa den chineál céanna ar fáil in Ollscoil Minnesota i Stáit Aontaithe Mheiriceá, áit a mbaineann mic léinn teastas i dTumoideachas Teanga amach (Tedick 2005).

Sa Bhreatain Bheag cuirtear oiliúint réamhsheirbhísé agus inseirbhísé ar fáil do mhúineadh na Breatnaise agus trí Bhreatnais ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal. Is féidir le mic léinn múinteoireachta bunchéim nó cártaíochta iarchéime a bhaint amach a ullmhaíonn iad do theagasc trí Bhreatnais (Jones 2001). In Albain tá trí cinn de na coláistí oideachais bainteach le hoiliúint mhúinteoirí don oideachas trí mheán na Gàidhlige, cé gur chuid beag den chúrsa í (Robertson 2001). Mhol an chomhairle mhúinteoireachta in Albain go gcuirfeadh sainoiliúint ar mhúinteoirí atá ag plé le hoideachas trí mheán na Gàidhlige (McLeod 2003). Sa Bhriotáin, sa Fhrainc, tá trí choláiste ann a chuireann cursaí ar fáil don mhúinteoireacht lán-Bhriotáinise sa bhunscoil, agus ullmhaíonn ceann díobh mic léinn le tabhaint faoin scrúdú 'CAPES', an chálíocht do mhúinteoirí meánscoile sa Fhrainc (Hicks 2003).

I dTuaisceart Éireann ullmhaíonn Coláiste Ollscoile Naomh Muire mic léinn don Ghaeilge. Thig le mic léinn iarchéime cursa bliana a dhéanamh chun cártaíochta bunmhúinteoireachta a bhaint amach. Déantar formhór an chúrsa seo a theagasc trí Ghaeilge. Cuirtear cursa ceithre bliana B.Oid. ar fáil d'fhochéimithe ar mian leo teagasc i mbunscoil lán-Ghaeilge (Ní Bhaoill 2004, Ní Ghadhra 2003). Faigheann na mic léinn seo sainoiliúint ar theagasc i scoil lán-Ghaeilge chomh maith le scoil mar a bhfuil an Béarla acu mar mheán teagaisc. Níl aon soláthar ann do scoileanna dara leibhéal cé go bhfuil a leithéid de chúrsa molta ag Comhairle na Gaelscolaíochta (Steele 2003).

Feictear i dTábla 1 thíos go bhfaigheann gach mac léinn bunmhúinteoreachta sna sé chontae is fiche oiliúint ar mhúineadh na Gaeilge mar dhara teanga. Caitheann mic léinn B.Oid. idir 42 agus 54 uair an chloig ar an ngné seo ag brath ar an gcoláiste. Tá cursaí ann chomh maith chun cur le cumas Gaeilge na mac léinn. Déanann gach mac léinn B.Oid. staidéar ar chúrsa Gaeilge idir 63 agus 126 uair an chloig de chúrsa ag brath arís ar an gcoláiste. Caitheann gach mac léinn trí seachtaine ar a laghad sa Ghaeltacht mar chuid dá gcúrsa oiliúna. I gColáiste Phádraig agus i gColáiste Mhuire gan Smál tá rogha ag mic léinn cursa acadúil Gaeilge a dhéanamh¹ má thograíonn siad é. Caitheann na mic léinn seo suas le 322 uair an chloig ar an nGaeilge i rith a gcúrsa. Cé go bhfuil cursaí na n-iarchéimithe níos giorra ná na cursaí do na mic léinn B.Oid., bíonn scrúdú cainte Gaeilge mar chuid den phróiseas roghnúcháin ina bhfaightear áit ar an gcúrsa agus bíonn céim sa Gaeilge ag go leor de na hiarchéimithe, 50% i gcás Coláiste Phádraig.

¹Ní raibh líon na n-uaireanta ar fáil don chúrsa seo agus an dréacht seo den doiciméid á hullmhú. Tuigtear don údar go ndéanann gach mac léinn Gaeilge acadúil sa chéad bliain dá gcúrsa i gColáiste Mhuire gan Smál.

In ainneoin an ullmhúcháin seo, is cúis imní é, i gceist fhéinmheasúnaithe ar a gcumas sa Ghaeilge i scoileanna ina múintear an Ghaeilge mar dhara teanga, gur roghnaigh beagnach aon cheathrú (24.8%) de mhúinteoirí gur lag a gcumas sa dara teanga. Léirigh tuairisc na Cigireachta (An Roinne Oideachais agus Eolaíochta, 2005) míshástacht le cumas Gaeilge na múinteoirí nuacháilthe chomh maith.

Anuas ar an am a chaitheann mic léinn ag cur feabhas ar a gcumas sa Ghaeilge, tógann mic léinn cúrsaí modheolaíochta i múineadh na Gaeilge mar dhara teanga. Caitheann mic léinn B.Oid idir 42 agus 73 uair an chloig ar na cúrsaí seo agus caitheann na hiarchéimithe idir 28 agus 36 uair an chloig orthu. Bheadh go leor d'ábhar na gcúrsaí modheolaíochta seo oiriúnach do mhúineadh na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, de réir thaithí an údair.

Tábla 1.

An Ghaeilge sna coláistí oideachais don mhúinteoireacht bunscoile

	Coláiste Eaglais na hÉireann	Coláiste Frobel	Coláiste Mhuire, Marino	Coláiste Mhuire gan Smál	Coláiste Phádraig
Gaeilge acadúil	Cúrsa Gaeilge ²		Cúrsa Gaeilge ³		
Bliain 1	42		42		92
Bliain 2	42		42		115
Bliain 3	21		42		115
Iomlán	105		126		322
Gaeilge ghairmiúil	Rang deonach Gaeilge ⁴				
Bliain 1	21	42		0	46
Bliain 2	21	21		24	23
Bliain 3	21	21		26	46
Iomlán	63	84		50	115
Iarchéimithe	-	62	49	49	68 36 ⁵
Teagasc nó múineadh na Gaeilge					
Bliain 1	21	21	42	26	11
Bliain 2	21	21	21	28	24
Bliain 3	4		10		9
Iomlán	46	42	73	54	44
Iarchéimithe	-	31	28	32	36
Uillmhúchán do theagasc trí Ghaeilge		Modúl 21 uair	Tarlaíonn sé sna léachtaí d'ábhair churaclaim eile mar shampla, An Mhatamaitic, Ceol, Na hAmharcaíona, Corpoideachas.	Cúrsa roghnach le tosú 2006-07 52 uair	Cúrsa roghnach 46 uair
Cleachtadh múinteoreachta	Is féidir le mic léinn scoil lán-Ghaeilge nó Gaeltachta a roghnú do cleachtadh múinteoreachta. ⁶				
Bliain 1				10 lá	6 seachtaire
Bliain 2				coicís	6 seachtaire
Bliain 3				9 seachtaire	4 seachtaire
Iomlán					16
Iarchéimithe				10 seachtaire	13 seachtaire
Turas Gaeltachta	Déanann gach mac léinn cursa trí seachtaire nó dhá chúrsa coicise.				

² Ní dhéantar aon idirdhealú idir Gaeilge acadúil agus Gaeilge Ghairmiúil. Déanann gach mac léinn an cursa Gaeilge seo.

³ 'Gaeilge' a dhéantar i gColáiste Mhuire, Marino. Bheadh an t-ábhar sin leath bealaigh idir 'Gaeilge Acadúil' agus 'Gaeilge Ghairmiúil.'

⁴ Is dá stuaim fén a fhreastalaíonn mic léinn ar na ranganna seo. Níl freastal orthu éigeantach ach moltar go láidir dóibh freastal orthu.

⁵ Tá céim sa Gaeilge ag 50% de na hiarchéimithe i gColáiste Phádraig. Tairiscítear rang teagaisc sa bhreis do na mic léinn nach bhfuil céim sa Gaeilge acu.

⁶ Roghnaigh 49 mac léinn (3.8%) cleachtadh múinteoreachta i scoil lán-Ghaeilge in earrach na bliana 2005 i gColáiste Phádraig mar shampla.

Caitear go leor ama mar sin ag cur feabhas ar chumas Gaeilge na mac léinn agus á n-ullmhú do mhúineadh na Gaeilge mar dhara teanga. I suirbhé a d'fhoilsigh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta i 2005, léirigh 84% de mhúinteoirí nuacháilithe go raibh siad sásta nó an-sásta leis an ullmhúchán a fuair siad do mhúineadh na Gaeilge (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2005). Tá an figiúr seo ag teacht le suirbhé a rinne an t-údar seo ar mhic léinn ag deireadh na tríú bliana i gColáiste Phádraig i 2005. D'fhreagair 125 mac léinn ceistneoir ag deireadh a gcúrsa, áit ar léirigh 90% díobh sástacht leis an ullmhúchán a bhí faigte acu do mhúineadh na Gaeilge. Sa suirbhé céanna, léirigh 92% de na mic léinn go dtaitníonn múineadh na Gaeilge leo. Nocht 78% acu an tuairim go raibh cumas agus líofacht mhaith Gaeilge acu féin, figiúr atá gar go leor don 84.8% a fuair Máirtín (1999).

Scaipeadh ceistneoir ar mhic léinn na tríú bliana i gColáiste Phádraig arís i 2006. Bhí ceist bhereise ann an uair seo. Iarradh orthu aontú nó easaontú leis an ráiteas seo a leanas - 'Ba mhaith liom múineadh i scoil Ghaeltachta nó lán-Ghaeilge.' As an 139 mac léinn a thug freagra, d'aontaigh 51 (37%) acu leis an ráiteas. D'aontaigh 24 acu go láidir leis an ráiteas agus d'aontaigh an 27 eile leis. Léirionn na figiúirí seo go bhfuil múinteoirí nuacháilthe ann agus fonn orthu dul ag múineadh i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Ní mór iad a oiliúint chuige áfach.

Bhí sástacht ghinearálta ann le múineadh na Gaeilge i dtuairisc na Cigireachta i gcás dhá thrian de na múinteoirí. Maidir leis an trian eile, moladh feabhas a chur ar úsáid neamhfhoirmíuil na Gaeilge i rith an lae; cruinneas ina gcuid Ghaeilge labhartha agus scríofa; pleannáil de réir snáitheanna an churaclaim; an clár a chur in oiriúint do chúlra agus réimse suime na ndaltaí; agus an t-am cuí a thabhairt don Ghaeilge gach lá (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2005).

Maidir le múineadh trí Ghaeilge, dúirt Mac Mathúna (1995) go raibh easpa ullmhúcháin struchtúrtha ann do mhúineadh i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, agus is léir ó Thábla 1 thusas go bhfuil an scéal sin amhlaidh go fóill. D'Éiligh an National Forum for Early Childhood Education chomh maith: '... an polasaí sna Coláistí Oideachais a leagan amach as an nua le freastal ar an scolaíocht trí Ghaeilge' (National Forum Secretariat 1998:190). Is léir ón eolas a bailíodh ó na coláistí go bhfuil iarrachtaí á ndéanamh le blianta beaga anuas le feabhas a chur ar an scéal sin. Eagraítear modúil áirithe agus cúrsaí roghnacha i dteagasc trí Ghaeilge i bhformhór na gcoláistí oideachais faoin am seo, faoi mar a fheictear i dTábla 1 thusas. Bíonn deis ag mic léinn tréimhsí a chaitheamh i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar chleachtadh múinteoireachta chomh maith. Roghnaíonn thart ar 4% de mhic léinn i gColáiste Phádraig mar shampla, cleachtadh múinteoireachta a dhéanamh i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. In ainneoin na n-iarrachtaí seo áfach, ní léir go bhfuil ullmhúchán struchtúrtha ar fáil don earnáil seo ag an mbunleibhéal.

Léirionn tuarascáil Mhic Dhonnacha (2005) an dochar atá an easpa ullmhúcháin sin a dhéanamh. Toisc nach bhfuil múinteoirí i scoileanna Gaeltachta oilte ar an tumoideachas agus na dea-chleachtas a bhaineann léi, is deacair dóibh a thuisceint gur féidir páiste ceithre bliana d'aois, a thagann ar scoil gan Ghaeilge, a mhúineadh trí Ghaeilge. Bíonn clonadh orthu iompú ar an mBéalair i gcásanna mar seo. Tá an bhearna in oiliúint na múinteoirí le brath chomh maith sna cuntas, ar chleachtas maidir le teanga agus litearthacht i mbunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán, a d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta

(2006). Dá mbeadh oiliúint agus forbairt ghairmiúil níos fearr ar fáil do mhúinteoirí, ní bheadh éagsúlacht chleactais chomh leathan sin ann, agus bheidís in ann polasaithe a bheartú dá gcuid scoileanna bunaithe ar thraighe agus ar dhea-chleactais.

Maidir le hoideachas réamhsheirbhíse don dara leibhéal, tá Ard-Dioplóma ann san Oideachas in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ullmhaíonn mic léinn le teagasc i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Freastalaíonn thart ar dhaichead mac léinn ar an gcúrsa seo in aghaidh na bliana. Cuirtear formhór na modúl modheolaíochta i láthair trí mheán na Gaeilge ar an gcúrsa seo. Is maith ann don chúrsa chun freastal ar iarthaír na tíre, ach teastaíonn tuilleadh cúrsaí cosúil leis i gceantair eile ar fud na tíre. Tá géaraghá le hoideachas a chur ar mhúinteoirí a léireodh na döigheanna éagsúla le cuspóirí ábhair agus le cuspóirí teanga a bhaint amach ina gcuid ceachtanna. Faoi mar a luadh cheana, níl aon chúrsa den chineál seo ar fáil i dTuaisceart Éireann ach oiread.

Ní leor na cúrsaí réamhsheirbhíse seo do mhúinteoirí chun iad a ullmhú le múineadh trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht, dar le Mac Donnacha et al. (2005). Mhol siad 'go ndéanfar socrutithe ar leith le sruth leanúnach müinteoirí a chur ar fáil a bhfuil a gcuid oideachais tríu leibhéal i ngach ábhar faighte acu trí mheán na Gaeilge agus i dtimpeallacht lán-Ghaeilge; agus go bhfuil soláthar ina gcuid oideachais do na réimsí saineolais ar leith atá de dhíth le múineadh go héifeachtach i scoileanna Gaeltachta' (Mac Donnacha et al. 2005:137). Má tá na socrutithe seo le cur i bhfeidhm, is é tuairim an údair go bhfuil gá le múnlá nua a phorbairt atá neamhspleách ar na struchtúir atá ag feidhmiú faoi láthair agus a bheidh in ann tabhairt faoi na "socrutithe ar leith" thusa. Teastaíonn cúrsaí réamhsheirbhíse faoi leith do mhúinteoirí ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal chun iad a ullmhú i gceart don teagasc trí Ghaeilge. B'innmholtá cúrsaí den chineál seo a bheith ar fáil i dtimpeallacht lán-Ghaeilge a bheadh diríthe ar oideachas trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh di.

4. Ionduchtú

Aithnítear an tábhacht a bhaineann le hionduchtú don mhúinteoir nuacháilte (Rialtas na hÉireann 1995). Muna bhfaigheann na müinteoirí seo deis páirt a ghlacadh i gclár ionduchtaithe tá an baol ann go ndéanfaidh siad neamhairs de go leor den fhoghlaim a rinne siad ina gcúrsa réamhsheirbhíse agus iad ag iarráidh maireachtáil ó lá go lá. Dar le CMÉ:

'Many beginning teachers concentrate on survival strategies, rejecting or ignoring much of what was learned in college. In this way much of the impact of pre-service education is "washed out" by the culture of the work place'

(CMÉ 1994:120).

4.1 Soláthar d'ionduchtú

Tá tionscadail phíolótacha ionduchtaithe á maoiniú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal i láthair na huaire. Tá an tionscadal do mhúinteoirí bunscoile á eagrú ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach, i gcompháirt le Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach. Is é Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, atá á eagrú do mhúinteoirí dara leibhéal. Tá tacaíocht na gceardchumann ann do na tionscadail seo. Tá clár ionduchtaithe ar fáil i gceantair áirithe faoi láthair, ina measc, tá contaetha Chorcaí, Luimnigh agus Bhaile Átha Cliath ann. Oiltear comhairleoirí (mentors) sna scoileanna agus bónn siad freagrach as comhairle a chur ar mhúinteoirí nuacháilthe. Leagtar béis in oiriúint na gcomhairleoirí ar chumarsáid agus ar ghaol gairmiúil a chothú leis na múinteoirí nuacháilthe. Is cosúil go bhfoghlaímíonn na comhairleoirí an-chuid ón bpróiseas agus is cineál forbartha gairmiúil dóibh féin é. Cúrsa ginearálta a eagraítear dóibh agus ní dhéantar plé faoi na cúinsí faoi leith in aon chineál scoile.

Maidir le scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, is faoin gcomhairleoir a bheadh sé cuidiú leis na múinteoirí nuacháilthe a gcuid oideachais réamhsheirbhís a chur in oiriúint do shuíomh na scoile Gaeltachta nó lán-Ghaeilge. Tá na comhairleoirí fíorthábhachtach sa phróiseas mar sin. Ní mór go dtuigfidís na sainriachtanais a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge le go bhféadfaidís an chabhair agus an treoir cheart a thabhairt do mhúinteoirí nuacháilthe. Táthar ag súil go leathnófar an tseirbhís seo de réir a chéile ag brath ar mhaoiniú ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Go deimhin, mhol tuarascáil ón gCigireacht a foilsíodh i 2005 go bhforbrófaí córas náisiúnta ionduchtaithe do mhúinteoirí nuacháilthe (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 2005).

5. Forbairt ionghairme

Is próiseas cuimsitheach uileghabháilach é forbairt ionghairme nach bhfuil teoranta do ‘chúrsaí’ de shaghas amháin nó de shaghas eile nó do sholáthar céasair ach oiread. Baineann sé le dearadh níos ionmláine agus níos leithne ar foghlaim ar feadh an tsaoil atá le sonrú sa bhéim a leagann go leor údar ar fhorbairt ghairmiúil mar phróiseas a mhaireann ar feadh ghairmré an mhúinteora (Rúnaíocht Chomhdháil Náisiúnta an Oideachais 1994; Eagan 2004; Sugrue 2004b). An tréith is suntasaí in aon duine gairmiúil, is cuma cén ghairm atá i gceist, dar le Fullan & Hargreaves (1992), ná go mbíonn siad i gcónaí ag iarraidh torthaí níos fearr a bhaint amach agus i gcónaí ag foghlaim bealaí nua le bheith níos éifeachtaí. Tá sé le tuiscint uaidh seo go bhfuil nasc idir forbairt ghairmiúil agus ár dtuiscint ar ghairmiúlacht mhúinteoirí agus go bhfuil dualgas agus freagracht ar mhúinteoirí féin a scileanna a athnuachan i rith a ngairmré ar fad (NCCA 1991, Carr 1991, Burke 1992, agus Staessens 1993). Más amhlaidh is ea ní mór don chóras deiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí é seo a dhéanamh.

5.1 Staid Ghairmré

Tá baint ag aois, inscne agus staid ghairmré leis na deiseanna forbartha gairmiúla ba chóir a chur ar fáil do mhúinteoirí (McLaughlin & Marsh 1990; CMÉ 1993; CMÉ 1994; McMahon 1998). Tugann Hyland & Hanafin (1996) múnlá amháin thíos maidir le staid ghairmré, ní gá go mbeadh sé oiriúnach do gach múinteoir ach tugann sé treoir ginearálta ag an am céanna.

Fíor 1:
Riachtanais
Ionghairme agus
Staid Ghairmré

1-3 bliana	4-6 bliana	5-8 bliana	8-12 bliana	12-15 bliana	20+ bliain
Ionduchtú	Daingniú	Athmhachnamh/ Athrú treo	Ardléann	Athchóiriú	Uilmhúchán bainistíochta/ Athnuachan

(Hyland & Hanafin 1996:150, leasaithe)

Feictear i bhFíor 1 na tréimhsí éagsúla a dtéann go leor múinteoirí tríothu i rith a ngairmré. Tá sé le tuiscint uайдh seo go mbeadh riachtanais éagsúla ag múinteoirí ag brath ar a dtaithí múinteoireachta (CMÉ 1993; CMÉ 1994). I dtaighde McMahon (1998) bhí spéis ag na múinteoirí óga i straitéisí a chabhródh leo maireachtáil sa seomra ranga. Bhí spéis ag na múinteoirí le taithí na scileanna a bhí acu a fhorbairt. Cuid den fhorbairt seo is ea athmhachnamh a dhéanamh ar a gcleachtas sa chaoi is nach n-éireoidh sé calctha. Níos déanaí ina ghairmré, d'fhéadfadh gur cúrsa dioplóma nó cursa iarchéime a d'fhóirfeadh don mhúinteoir chun sainscileanna a bhaint amach i réimse faoi leith den oideachas. Ní gá go leanfadh múinteoir na tréimhsí seo uile ach is dócha go léiríonn sé nach leor an cineál céanna cursa do gach múinteoir (Sugrue 2004b).

5.2 Riachtanais phearsanta, riachtanais scoile, agus riachtanais chórasacha

Déanann a leithéidí Hargreaves (1994); Spence (1996); Sugrue (2004b) idirdhealú idir riachtanais phearsanta an mhúinteora, riachtanais na scoile, agus riachtanais chórasacha, agus iad ag trácht ar na riachtanais ionghairme a bhíonn ag múinteoirí. Leis na leasuithe curaclaim agus siollabais ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal in Éirinn le blianta beaga anuas tá an-bhéim ar riachtanais chórasacha sna cúrsaí a eagraítear do mhúinteoirí. Tá gá le cúrsaí den chineál seo chun na hathruithe agus na leasuithe a mhíniú do mhúinteoirí, ach ní leor iad. Tá sé aitheanta anois ag údair éagsúla gur beag eifeacht fadtréimhseach atá le cúrsaí do scileanna sainiúla muna gcuirtear tacafocht ar fáil i ndiaidh na gcúrsaí (McLaughlin & Marsh 1990; Webster 1990; McNiff & Collins 1994; Sugrue 2002). Ba é seo an taithí a bhí leis na cúrsaí inseirbhíse don Teastas Sóisearach in Éirinn sna hochtóidí. Ba bheag athrú a tháinig ar mhodhanna műinte ina dhiaidh, dar le McNiff agus Collins (1994). Tá iarrachtaí ar siúl faoi láthair, áfach, é sin a sheachaint trí sheirbhís tacaíochta a chur ar fáil ag leibhéal na scoile, tar éis na hinseirbhíse atá á reacbtail do mhúinteoirí ar an gCuraclam Bunscoile agus na hathruithe siollabais ag an dara leibhéal. Is féidir le scoileanna cur isteach ar chabhair ó Chuiditheoirí ón gCTCB (Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile) nó ó Oifigigh Fhorbartha Réigiúnacha ón SLSS (Seirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal). Táthar ag súil go ginnteoídh sé seo athruithe ar chleachtas na múinteoirí mar thoradh ar an inseirbhís.


Taobh amuigh d'éifeacht na gcúrsaí seo, ní mór cothromaíocht a bheith ann idir na riachtanais éagsúla. Dar le Fullan (1992), Sparks & Hirsh (1997) agus Touhy (1999) nach mór cothromaíocht a fháil idir na riachtanais éagsúla, ní hé go bhfuil ceann amháin níos tábhachtaí ná an ceann eile, ach go bhfuil siad ag brath ar a chéile. Leis an mbéim anois ar na cúrsaí lárnacha, tá an baol ann go dtabharfar le fios go bhfuil túis áite ag riachtanais an chórais thar riachtanais phearsanta ghairmiúla (Sugrue, 2004b).

Luann Fullan (2004) an straitéis litearthachta agus uimhearthachta sa Bhreatain inar éirigh le 20,000 scoil an leibhéal litearthachta a ardú ó inniúlacht 62% ar an meán go dtí 75% idir 1997 agus 2000. Éacht a bhí anseo in imeacht trí bliana. Níl éirithe leo ó shin, áfach, na tortaí a ardú ó 75%. Dar le Fullan go bhfuil sé seo amhlaidh toisc nach bhfuil úinéireacht ag múinteoirí agus ag príomhoidí ar an straitéis agus nach bhfuil aghaidh tugtha ar na leasuithe bunúsacha atá ag teastáil sa churaclam agus san oideolaíocht. Is féidir le tosaíochtaí ón mbarr anuas feabhas

áirithe a chur ar chóras, ach is é tuairim Fullan go gcaithfidh gach uile leibhéal den chóras obair i gcompháirt má tá leasuithe inmharthana le baint amach. Ní mór na riachtanais éagsúla a choinneáil i gcothromáiocht.

Léirítear i bhFíor 2 thós achoimre na dtuairimí a cíoradh thusa.

Fíor 2:
Oideachas múinteoirí
don ghairmré le
riachtanais
phearsanta,
riachtanais scoile
agus riachtanais
chórasacha i
gcothromáiocht



5.3 Forbairt ionghairme don tumoideachas

Rinne Day agus Shapson (1996a) taighde cuimsitheach ar riachtanais fhorbartha ghairmiúla 1,123 múinteoir a bhí ag múineadh i ranganna tumoideachais i gCeanada i 1992. Cuireadh liosta riachtanas os a gcomhair agus roghnaigh na múinteoirí na riachtanais seo a leanas in ord tábhabhta:

- Teaching French language arts in immersion
- Developing curriculum and resources
- Teaching subject matter in immersion
- Varying teaching strategies
- Meeting individual student needs
- Motivating students in immersion
- Integrating subject matter
- Evaluation
- Second language acquisition in children
- Methodology of L2 teaching in immersion ...

(Day agus Shapson, 1996a:126)

Nuair a ceistíodh na múinteoirí céanna i gceist oscailte faoi na gníomhaíochtaí ba thábhachtaí dá bhforbairt ghairmiúil, ba iad na cinn ba thábhachtaí dóibh ná:

- Collaborative planning work or teaching in the school district or province
- Workshop in the district or at a conference
- Mini-course or intensive course
- Implementation of new curriculum
- Self-directed professional development
- Peer coaching...

(Day agus Shapson 1996a:124)

Feictear sa chéad liosta thus na riachtanais a d'aithin na taighdeoirí roimh ré agus chuir na múinteoirí iad in ord tábhachta. Sa dara liosta feictear na riachtanais a d'aithin na múinteoirí iad féin. Tugann na liostaí seo tuairimí dúinn faoin gcineál réimse riachtanas a d'fhéadfadh a bheith ag múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

San Fhionlainn tá scoileanna tumoideachais ann ina múintear na páistí trí Shualainnis. Aithnítear ann nach leor na gnáthchúrsaí réamhsheirbhíse chun múinteoirí a ullmhú do mhúineadh tríd an dara teanga. Tá clár forbartha gairmiúil ann do mhúinteoirí ina bhfaigheann siad ionchur ar theoríci an dátheangachais, taighde ar dhátheangachas agus ar oideolaíocht don tumoideachas (Bjorklund 1997).

In Éirinn, tá formhór na ndeiseanna forbartha ionghairme atá ar fáil do mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge faoi láthair bunaithe ar athruithe curaclaim agus siollabais. Tá siad thírithe ar riachtanais chórasacha den chuid is mó. Is iad soláthróirí na gcúrsaí atá ag leagan amach an chláir. Cé go bhfuil tacaíocht scoilbhunaithe ar fáil i ndiaidh na gcúrsaí seo, is d'fhoinn cur i bhfeidhm na n-athruithe a chinntíú atá siad á n-eagrú. Níl locht ar an gcur chuige seo, ach go bhfágann sé éagothromaíocht sa soláthar idir riachtanais an mhúinteora, na scoile agus an chórais.

Sa chomhthéacs seo ní mór fáiltíú roimh an gcúrsa nua páirtaimseartha, MA i modheolaíochtaí teagasc teanga (Gaeilge), a thosaigh in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i Meán Fómhair 2005. Mairfidh an cursa seo dhá bhliain agus ba chóir go gcuirfi le saineolas an réimse seo mar aon leis an réimse taighde ar an ábhar. Tuairim is fiche duine atá ag freastal ar an gcúrsa.

5.4 Moltaí maidir le forbairt ionghairme don tumoideachas agus do theagasc tríd an dara teanga

Sa cháipéis 'Iarratas le hAghaidh Maoiniú ar Chúrsaí Inseirbhíse do Mhúinteoirí na mBunscoileanna lán-Ghaeilge' (Gaelscoileanna 1994a), leagtar amach clár leathan cuimsitheach inseirbhíse a chlúdaíonn ábhair ar nós: múineadh na Gaeilge sa Ghaelcoil; múineadh léitheoireacht na Gaeilge sa Ghaelcoil; múineadh an Bhéarla sa Ghaelcoil; múineadh na matamaitice agus ábhair eile; fadhb na dtéacsleabhar; easpa trialacha do mheasúnú. Déantar tagairt freisin don ghá atá ann le cúrsaí inseirbhíse ar mhúinteoiracht feabhas, scileanna comhairleoireachta, forbairt scileanna foirne agus scileanna cinnireachta.

Ábhar eile a chíortar sa cháipéis ná sainmheon na Gaelscoile. Deir sí ina thaobh:

... tá sé rí-thábhachtach go mbeadh na múinteoirí ar an eolas faoin dáttheangachas agus faoi stair na gaelscolaíochta sa tir seo agus faoi stair an tumoideachais i dtíortha eile. Tá sé tábhachtach go mbeadh na múinteoirí in ann an obair atá ar siúl acu a chur i gcomhthéacs níos leithne ...

(Gaelscoileanna 1994a:9).

Cúrsa teastais iarchéime páirtaimseartha a mholtar i dTuarascáil an Chomhchoiste Um Oideachas sa Ghaeltacht (1986) a d'ullmhódh múinteoirí chun műineadh i mbunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. I measc na gcuspóirí a bheadh ag an gcúrsa seo ná le cur le scileanna múinteoirí chun gach gné den churaclam a mhűineadh trí mheán na Gaeilge agus le cur leis na scileanna faoi leith a bhaineann le műineadh an Bhéarla i scoil Ghæltacha nó i scoil lán-Ghaeilge.

5.5 Measúnú riachtanais fhorbartha ghairmiúla

Sular féidir clár forbartha gairmiúil a sholáthar do mhűinteoirí ní mór a gcuid riachtanas a mheas. Dar le tuairisc CHL (1991) agus OECD (1998) gurb iad na dreamanna a sholáthraíonn cúrsaí forbartha gairmiúla is mó a aithníonn agus a shocraíonn na riachtanais seachas na múinteoirí. Dá bharr sin, ní fhreastalaíonn go leor de chúrsaí ionghairme ar riachtanais na múinteoirí (Fullan agus Hargreaves 1992; McNiff agus Collins 1994). ‘Many staff development initiatives take the form of something that is done to teachers rather than with them, still less by them (Fullan & Hargreaves 1992:26).’ Laghdaíonn cúrsaí den chineál seo gairmiúlacht na múinteoirí. Ní mór, mar sin, cur ar chumas scoileanna agus műinteoirí a riachtanais féin a aithint agus an fhorbairt chuí a phleanáil chun na riachtanais seo a shásamh (Sparks agus Hirsh 1997). Má aithníonn műinteoirí a gcuid riachtanas i gcomhpháirt le grúpaí eile ní gá gur próiseas ón mbarr anuas nó ón mbonn anfós amháin atá i gceist (Oldroyd agus Hall 1991).

Mar chuid de thraigde Uí Mhaoláin (1996) ar phríomhoidí Gaelscoile, rinne sí iniúchadh ar riachtanais oiliúna na műinteoirí i bhfoirm ceistíúcháin. Ceann de na tuairimí a noctaíodh ná go mba ghá ‘..dul i gcomhairle le műinteoirí na scoileanna féachaint cad iad na riachtanais inseirbhíse a bhíonn acu...agus tacáocht a thabhairt dóibh a gcuid cúrsaí féin, bunaithe ar a gcuid riachtanas, a eagrú’ (Ní Mhaoláin 1996:203). Tá dea-shamplaí den chineál seo forbartha ag Muintearas i gConamara agus ag műinteoirí Gaeltachta i gCorca Dhuibhne.

Ní mór cuimhneamh, áfach, gur chun feabhas a chur ar fhoghlaim na ndaltaí is cúis le forbairt ghairmiúil i ndeireadh na dála. An pointe tosaigh, mar sin, in aon phróiseas measúnaithe riachtanais ná tosú le riachtanais fhoghlauma na bpáistí agus an bhearna i scileanna, eolas agus dearcadh na foirne a mheas sa chomhthéacs seo. Ní miste, mar sin, tuairimí na műinteoirí faoina gcuid riachtanas a chur i gcomhthéacs níos leithne a chuireann riachtanais an chórais, riachtanais na scoile agus riachtanais fhoghlauma na bpáistí san áireamh freisin (Sparks & Hirsh 1997). Ba chóir go mbeadh an córas nua meastóireachta scoile WSE (Whole School Evaluation) ina chabhair chun é seo a dhéanamh (Egan 2004).

Rinne Ó Duibhir (2000) taighde ar riachtanais fhorbartha ghairmiúla bunmhúinteoirí Gaelscoile sna sé chontae is fiche. Ghlac 44 műinteoir ó 5 scoil éagsúla páirt sa taighde chomh maith le príomhoidí na scoileanna sin i dteannta le cíigear príomhoidí ó scoileanna eile. B'shin 10 bpriomhoide ar fad. Bhí dáileadh maith tíreolaíoch ar na scoileanna a roghnaíodh: cuid acu

nuabhunaithe agus cuid eile bunaithe le tamall. Bailíodh an t-eolas trí ghrúpaí fócais a eagrú le cúig fhoireann scoile agus trí iarraidh orthu ceistneoirí gearra a líonadh. Cuireadh agallaimh ar phríomhoidí na scoileanna sin agus ar chúig phríomhoide eile. Rinneadh an taighde sular seoladh Curaclam na Bunscoile (1999) agus ní mór torthaí an taighde a chur sa chomhthéacs sin. Gné eile ba chóir a chur san áireamh ná go raibh 47% de na múinteoirí níos óige ná 31⁷ bliain i gcomparáid le 14% de mhúinteoirí san aoisgrúpa sin go náisiúnta ag an am. Bhí níos lú ná sé bliana taithí ag 50% acu i scoil lán-Ghaeilge chomh maith. Múinteoirí óga, mar sin, a ghlac páirt sa taighde agus iad gan taithí fada i scoil lán-Ghaeilge. Nuair a chuirtear an staid gairmré seo san áireamh d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar na riachtanais a aithníodh.

Léirigh idir mhúinteoirí agus phríomhoidí a míshástacht leis an oiliúint réamhsheirbhíse a bhí faighte acu do mhúineadh i nGaeilge. Ba léir go raibh siad an-mhíshásta leis an staid faoi mar a bhí sé, agus mhol siad go spreagfaí múinteoirí le dul ag mhúineadh i nGaeilge agus go n-ullmhófaí iad chuige seo trí chúrsa a chur ar fáil dóibh trí mheán na Gaeilge a d'fhreastalódh go hiomlán ar thumoideachas agus ar mhúineadh tríd an dara teanga.

Maidir le riachtanais ionduchtaithe de, ba léir ó na hagallaimh leis na príomhoidí go raibh an príomhoide féin nó múinteoir eile ar an bhfoireann ag glacadh freagachta as. Dhírighe a bhformhór díobh ar na múinteoirí a ionduchtú ar chóras na scoileanna lán-Ghaeilge. Bhí tuairim forleathan ann i measc na múinteoirí gur post praiticiúil é an mhúinteoireacht a fhoghlaimíonn tú tú féin ó chleachtadh agus trí fhoghlaím ó do bhotúin. Bhí tuiscint níos doimhne ná seo ag na príomhoidí faoi.

Léirítear i bhFíor 3 (Féach leathanach 13) thíos na riachtanais ionghairme a d'aithin na múinteoirí, na foirne scoile agus na príomhoidí. Cúrsaí scoilbhunaithe gearrthréimhseacha praiticiúla, a chabhródh leo a bpost a dhéanamh níos fearr ó lá go lá, is mó a d'aithin na múinteoirí agus na foirne scoile. Níorbh ionann a gcuid riachtanas agus na riachtanais a d'aithin na príomhoidí in aon chor. In áit ábhar praiticiúil gearrthréimhseach, feictear ábhair níos teoiriciúla a thabharfadh tuiscint domhain don mhúinteoir ar chóras na scoileanna lán-Ghaeilge. In ainneoin go raibh leath na bpriomhoidí ag mhúineadh ranga go lánimseartha tá sé spéisiúil nár bhí ionann a gcuid tosaíochtaí agus tosaíochtaí na múinteoirí ranga ar chor ar bith.

Léiríonn sé seo dearcadh difriúil a bheith ag na príomhoidí seachas na múinteoirí maidir lena riachtanais ionghairme. Is dearcadh níos fadtréimhsí, níos fadradharcaí, níos córasaí atá ann ar an iomlán. D'éisigh na múinteoirí ranga cúrsaí éagsúla: teicneolaíocht an eolais, bainistíocht ranga, déileáil le páistí le riachtanais faoi leith sa Ghaelscoil agus araile. Ní mór freastal ar na hélimh seo, ar ndóigh, ach ba léir ó thuairimí na bpriomhoidí gur mheas siadsan go raibh riachtanais eile ag na múinteoirí ar nós tumoideachais, mhúineadh na Gaeilge, measúnú agus araile, cé nár aithin na múinteoirí féin iad a bheith mar riachtanais acu. Ní dócha gur féidir freastal ar na riachtanais in aon bhealach amháin. Caithfear teacht ar bhealaí éagsúla le freastal orthu.

5.6 Freastal ar riachtanais ionghairme

Tagraíonn Sugrue (2002) don litríocht ar fhorbairt ghairmiúil ina n-aithnítear trí réimse leathana coincheapúla sa teoiric – ‘Knowledge for Practice, Knowledge in Practice, Knowledge of Practice’ (Sugrue 2002: 317). Déanann sé cur síos mion ar gach aon cheann acu. Ní thugtar ach achoimre an-ghearr anseo. Sa chéad cheann *eolas le haghaidh cleachtais samhlaítear* múinteoirí mar

Fíor 3:
Riachtanais
ionghairme

	Ceistneoir	Grúpa fócais	Agallaimh
Riachtanais ionghairme	Múinteoirí ranga	Foirne scoile	Príomhoidí
Teicneolaíocht an Eolais	Riachtanas	3 scoil	-
Bainistíocht Ranga	Riachtanas	3 scoil	-
Páistí le riachtanais faoi leith/páistí éirimíula	Riachtanas	5 scoil	-
Ábhair bhereise	Riachtanas	3 scoil	-
Cumarsáid le tuismitheoirí	Riachtanas	-	-
Mo Ghaeilge a fheabhsú	Riachtanas	3 scoil	-
Cúrsa cumarsáide / féinmhuiúníne Teangeolaíocht & scileanna	-	5 scoil 2 scoil	-
foghlama Teanga			
Tumoideachas	-	-	10 bpriomhoidí
Múineadh na Gaeilge	-	-	8 bpriomhoidí
Bualadh le Gaelscoileanna eile	-	-	7 bpriomhoidí
Measúnú	-	-	4 príomhoidí
Múineadh ábhair trí Ghaeilge	-	-	4 príomhoidí

dhaoine nach ngineann eolas ach a bhaineann úsáid as eolas a ghineann daoine eile ar nós taighdeoirí. Múintear do mhúinteoirí an dóigh leis an eolas seo a chur i bhfeidhm agus tugann siad é ar ais chuig an seomra ranga. Léiríodh laigí an choincheapa seo i 2.3 thuas. Leagann an dara coincheap, *eolas i gcleachtas*, béim ar cheird agus ar ealaín na múinteoireachta. Foghlaimíonn mhúinteoirí, dar leis, trí athmhachnamh ar a gcuid cleachtas i gcomhthéacsanna faoi leith. Bíonn fócas ar scoileanna mar phobail foghlama do mhúinteoirí. Cruthaíonn mhúinteoirí eolas i gcomhpháirt lena gcomhghleacaithe sa scoil agus athraíonn siad a gcuid cleachtas dá bharr. Sa tríú coincheap, *eolas faoi chleachtas*, níl aontú ann faoin eolas atá i gceist. Tá an bhéim ar mhúinteoirí mar ghníomhaírí claochlainthe seachas ar an scoil nó ar an gcóras. Tá múinteoirí gníomhach ina bhfoghlaim féin. Tarlaíonn foghlaim na mhúinteoirí i gcomhthéacs sóisialta agus pobail agus gintear ceisteanna tábhachtacha.

D'fhéadfadh leanúnachas a bheith ann idir coincheap a dó agus a trí thuas, dar le Sugrue (2002), ach leagann an dá cheann acu béim ar neamhspleáchas agus ar ghairmiúlacht an mhúinteora. Is é tuairim an údair seo, má theastaíonn uainn feabhas a chur ar foghlaim na bpáistí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, nach mór deiseanna foghlama mar seo a chur ar fáil do mhúinteoirí. Ceann de na fadhbanna faoi mhúineadh i scoil Ghæltachta ná lán-Ghaeilge ná nach bhfuil díolaim eolais bailithe le chéile ar go leor ábhar a bhaineann leis an bpost, ceal taighde, gur féidir a roinnt le daoine ar chúrsa nó gur féidir a léamh i leabhar. Is gá, mar sin, mhúinteoirí a chumasú agus a spreagadh le hathmhachnamh a dhéanamh ar a gcuid cleachtas, smaointe a roinnt ar a chéile agus cuidiú lena chéile a gcuid cleachtas a fheabhsú. Léirigh mhúinteoirí i dtaipeadh Uí Mhaoláin (1996) agus Uí Dhuibhir (2000) go raibh fonn orthu é sin a dhéanamh. Sampla iontach den chur chuige seo ab ea na ceardlanna a d'eagraigh Muintearas sna hochtóidí do mhúinteoirí tacafocanta foghlama i gConamara agus an feabhas a chuir siad ar ghnóthú na bpáistí (Muintearas 2000). Ghin siad na ceisteanna tábhachtacha, ghlac na mhúinteoirí úinéireacht ar a bhfoghlaim féin agus d'aimsigh siad na réitigh. Is trí thuilleadh tograí mar seo a spreagadh go ndéanfar dul chun cinn. Ní tharlióidh sé áfach gan cheannaireacht ná gan mhaoiniú.

Faoi mar a chonacthas thusas bhí riachtanais iongairme ag múinteoirí ranga a bhí éagsúil ó na príomhoidí. Bealach amháin le freastal ar na riachtanais seo ná trí chúrsaí dioplóma iarchéime agus cúrsaí máistreachta i múineadh trí Ghaeilge a eagrú. D'fhéadfadh na coláistí oideachais agus na hollscoileanna iad a eagrú, nó cuid díobh, i gcompháirt le chéile. Thabharfadhl sé sin deis do mhúinteoirí cur amach cuimsitheach a fháil ar theoríci an tumoideachais agus ar mhúineadh tríd an dara teanga. Leathnódh cursa den chineál sin an dearcadh a bheadh ag na múinteoirí ar a riachtanais fhorbartha ghairmiúla freisin. B'fhéidir go spreagfadhl sé cuid acu le taighde a dhéanamh ar nithe a bhaineann le tumoideachas ina scoileanna féin. Ó tharla gur réimse den oideachas é seo atá ag fás agus ag athrú de réir mar a fhaigheann daoine níos mó eolais faoi, shamhlófá go mbeadh taighde gníomhaíochta an-fheiliúnach do thaighde den chineál seo. Thabharfadhl cursa mar seo deis do mhúinteoirí ó Ghaelscoileanna agus ó scoileanna Gaeltachta casadh ar a chéile, tuairimí a mhalartú agus foghlaim óna chéile.

Cheap seachtar príomhoidí i dtáighde Uí Dhuibhir (2000) gur riachtanas é go mbeadh deis ag na múinteoirí bualadh le múinteoirí ó Ghaelscoileanna eile. Bealach amháin le freastal ar an riachtanas seo ná trí chúrsaí samhraidh a eagrú do mhúinteoirí Gaelscoile, faoi mar a mhol cúpla príomhoide. D'fhéadfadh cursa den chineál seo plé le hábhair phraitimíla mar aon le hábhair theoríciúla. Thabharfadhl sé deis do mhúinteoirí casadh ar a chéile, foghlaim óna chéile agus aithne a chur ar a chéile. Ag éirí as cursa mar seo, nó neamhspleách air, d'fhéadfaí scoileanna a spreagadh le hoibriú ar chomhthionscnamh le chéile.

Moladh a tháinig chun cinn ó thaighde Uí Dhuibhir (2000) agus Knipe (2004b) ná grúpaí réigiúnacha a bhunú ina mbeadh deis ag múinteoirí agus ag príomhoidí i réigiún casadh ar a chéile chun smaointe agus dea-chleachtas a mhalartú ar a chéile. Tá an múnla seo ann cheana féin i go leor de na hionaid oideachais ina dtagann grúpaí tacaíochta do phríomhoidí le chéile ag tabhairt tacaíochta dá chéile.

6. Struchtúr tacaíochta náisiúnta d'fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Dar leis an údar go bhfuil gá le struchtúr tacaíochta náisiúnta chun freastal ar na sainriachtanais fhorbartha ghairimiúla atá ag múinteoirí Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Tá grúpaí éagsúla ag plé le riachtanais fhorbartha ghairmiúla múinteoirí sa chóras i láthair na huaire ar nós An tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal (SLSS), Clár Tacaíochta don Churaclaim Bunscoile (PCSP), Scéim um Fhorbairt Pleanála Scoile (SDPI), Forbairt Ceannródaíochta i Scoileanna (LDS) agus an t-ionad oideachais áitiúil ina bhfuil an scoil suite. Is cuid an-bheag d'obair na ngrúpaí seo plé le riachtanais sainiúla na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Go minic ní bhíonn mhúinteoirí ar fáil leis an saineolas cuí le dul ag obair do na seirbhísí seo. D'fhéadfadh struchtúr tacaíochta cuiдиú leis an scéal seo a fheabhsú trí, ar an gcéad dul síos, sainriachtanais na mhúinteoirí Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a chur chun tosaigh. Ar an dara dul síos, trí mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chumasú le bheith cáilithe agus spreagtha le cur isteach ar phoist leis na seirbhísí éagsúla. Ar an tríú dul síos, d'fhéadfadh ról comhordaitheach a bheith ag an ionad in obair na seirbhísí seo faoi mar atá ag na hionaid oideachais i láthair na huaire. Beidh gá, dar ndóigh, ag cibé struchtúr a bhunáitear le maoiniú flaithiúil chun cúram ceart a dhéanamh de riachtanais fhorbartha ghairmiúla na mhúinteoirí Gaeltachta agus Gaelscolaíochta anuas ar na cúramí eile atá luate leis.

Bheadh ar an struchtúr obair i gcompháirt le heagraíochtaí eile agus i measc na gcúraimí a d'fhéadfadh a bheith air bheadh:

- Ceannródaíocht a léiriú i bhforbairt theagasc na Gaeilge agus trí Ghaeilge
- Riachtanais na múinteoirí Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a mheas agus plean straitéiseach a chur le chéile le freastal ar na riachtanais sin ina n-aithneofaí na bearnaí atá sa soláthar reatha
- Cúrsaí a eagrú nuair is gá le freastal ar na riachtanais aitheanta seo
- Cothromáíocht idir riachtanais phearsanta, riachtanais scoile agus riachtanais chórasacha a chinntíú
- Córas creidiúnaithe a bhunú i gcompháirt le hinstiúidí tríú leibhéal a thabharfadh aitheantas d'fhorbairt ghairmiúil
- Obair na ngrúpaí ar nós PCSP, SDPI, SLSS agus LDS a chomhordú maidir leis an obair a dhéanann siad le scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge
- Bunú pobail fhoghlama a spreagadh agus leathnú taithí idirscoile a éascú
- Grúpaí tacaíochta a bhunú m.sh grúpaí príomhoidí, múinteoirí eolaíochta, múinteoirí ranganna naónán 7rl
- Múinteoirí a chumasú le bheith ina n-áisitheoirí agus ina gcinnírí áitiúla
- Taighde sa réimse seo a chothú, a spreagadh agus na torthaí a chraobhscaoileadh
- Díolaim eolais ar theagasc trí Ghaeilge a fhorbairt, eolas i dtaoibh ábhar agus oideolaíochta san áireamh
- Tionscadail logánta a bhunú agus a spreagadh m.sh., áiseanna foghlama a chruthú
- Naisc idirnáisiúnta a chothú

7. Achoimre

Cuimsíonn oideachas múinteoirí cúrsaí réamhsheirbhíse, ionduchtú do mhúinteoirí nuacháilte agus forbairt ionghairme. Baineann sé le gné ar bith de phróiseas foghlama an mhúinteora a bhfuil sé mar sprioc aige feabhas a chur ar fhoghlaim na bpáistí. Leanann sé ar feadh ghairmré an mhúinteora. Beidh riachtanais éagsúla ag múinteoirí ag brath ar a n-aois agus ar a dtraithí. Bíonn riachtanais phearsanta, riachtanais scoile agus riachtanais chórasacha i gceist agus tá sé tábhachtach iad seo a choinneáil i gcothromáíocht.

Aithníodh i gcuid 3 thuas na saintréithe a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus léiríodh nach bhfuil freastal sásúil á dhéanamh ar na sainriachtanais seo in oideachas réamhsheirbhíse, ionduchtúchán nó i bhforbairt ghairmiúil na mhúinteoirí sna sé chontae is fiche. Tugadh samplaí ó thíortha eile ar an gcheinéil oideachais a d'fhéadfáí a chur ar mhúinteoirí do theagasc trí Ghaeilge. Gné thábhachtach d'aon chlár oideachais den chineál seo is ea measúnú riachtanais na mhúinteoirí. Caithfear tuairimí na mhúinteoirí a fháil ach a bheith airdeallach go bhféadfadh riachtanais eile a bheith acu nach n-aithníonn siad de bharr iad a bheith ag díriú ar na cúraimí is práinní atá orthu. In aon chlár d'fhorbairt ionghairme a chuirfear le chéile ba chóir go leagfaí béim ar dheiseanna a thabhairt do mhúinteoirí a bheith freagrach as a bhfoghlaim féin agus a dtraithí agus a saineolas a roinnt ar a chéile. Moltar é seo a dhéanamh ar bhealaí éagsúla trí phobail fhoghlama a bhunú, scoileanna samhraidh a eagrú, cúrsaí iarchéime a eagrú agus araile.

Teastaíonn struchtúr tacaíochta leis na moltaí éagsúla a chur i bhfeidhm agus sainriachtanais na múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chur chun tosaigh. Liostáiltear cuid de na cúramí go bhféadfadh struchtúr den chineál seo tabhairt faoi, ag aithint go bhfuil réimsí eile ar nós taighde a thionscnamh gur ghá aghaidh a thabhairt orthu chomh maith. Ba ghá dóthain maoinithe agus foirne a chur ar fáil don struchtúr le tabhairt faoin obair seo go héifeachtach.

8. Moltaí

Réamhsheirbhís

Go rachadh COGG i dteaghmháil le húdaráis na gcoláistí oideachais le meastóireacht a dhéanamh ar an soláthar atá ann faoi láthair don tumoideachas agus do theagasc trí Ghaeilge d'fhoinn an staid a fheabhsú trí modúil bhereise agus cúrsaí nua a chur ar fáil i dteaghasc trí Ghaeilge. Ba chóir dul i dteaghmháil leis an Údarás um Ard-Oideachais chomh maith chun maoiniú a fháil do na cúrsaí seo.

Go rachadh COGG i dteaghmháil leis an Údarás um Ard-Oideachais agus le húdaráis na gcoláistí ollscoile a eagraíonn cúrsaí Ard-Teastas san Oideachas (ATO)

Chun líon na gcúrsaí, cosúil leis an gcúrsa ATO in OÉG, a mhéadú.

Chun modúl Gaeilge a eagrú ar na cúrsaí ATO a dhíreodh ar theagasc trí Ghaeilge agus tríd an dara teanga

B'imirghaileadh dul i gcomhpháirt le Comhairle na Gaelscolaíochta chun cúrsaí den chineál seo a sholáthar.

Go mbunófaí coláiste oideachais neamhspleách go mbeadh sé mar chúram air múinteoirí a oiliúint don teagasc i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal.

Ba cheart go mbeadh sé mar chuid de struchtúr ollscoile chun caighdeán acadúla a chinntíú, chun tarraingt ar réimse saineolas níos leithne agus chun deiseanna forbartha pearsanta níos leithne a chur ar fáil do mhic léinn.

D'fhéadfadh an coláiste cúrsaí iarchéime a thairiscint ar an gcéad dul síos agus cúrsaí céime de réir a chéile, céimeanna máistreachta ina measc.

Go gcuirí oideachas ar na mic léinn i dtimpeallacht lán-Ghaeilge.

Go rachadh COGG i dteaghmháil leis an gComhairle Mhúinteoireachta le ceist na réamhsheirbhíse do theagasc trí Ghaeilge a phlé le cinntíú go n-aithníonn an Chomhairle Mhúinteoreachta an tábhacht atá leis.

Go bpléifi leis an gComhairle Mhúinteoreachta chomh maith agus leis an gCigireacht, cumas Gaeilge na múinteoirí trí chéile le haghaidh theagasc na Gaeilge agus teagasc trí Ghaeilge⁸. Bheadh an plé seo an-tráthúil i gcomhthéacs Acht na dTeangacha Oifigiúla, Thuairisc an Choimisiúna Teanga, Stádas Oifigiúil don Ghaeilge san Aontas Eorpach agus tuarascáil Harris (2006).

⁸ Luaihg múinteoirí i meánscoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath i dtaighde Uí Chaisil (2000) go raibh easpa Gaeilge na múinteoirí ina bhac ar fheidhmiú polasaí Gaeilge na scoile. Tagraíonn taighde Mhic Dhonnacha et al. (2005) do thuarascálaча éagsúla a d'aithin fadhb le caighdeán Gaeilge na múinteoirí Gaeltachta. Ní bhaineann an cheist seo le teagasc na Gaeilge amháin.

Ionduchtú

Go rachadh COGG i dteagmháil le comhordaitheoirí na dtionscadal ionduchtaithe i gColáiste Phádraig, Droim Conrach agus i Coláiste na hollscoile Baile Átha Cliath le riachtanais na múinteoirí nuacháilthe i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a phlé.

Go gcuirfí ina luí ar comhordaitheoirí na dtionscadal ionduchtaithe go bhfuil múinteoirí ag teagasc trí Ghaeilge ag an dá leibhéal agus gur gá feabhsú a gcaighdeán sa Ghaeilge a bheith san áireamh chomh maith le sainriachtanais eile a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge.

Forbairt ghairmiúil leanúnach

Go leanfadh COGG leis an teagmháil a tionscnaódh leis na grúpaí éagsúla atá ag soláthar cúrsaí inseirbhíse do mhúinteoirí faoi láthair ar nós SLSS, PCSP, SDPI, LDS 7rl. le cinntiú, chomh fada agus is féidir, go bhfreastalaítear ar shainriachtanais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

Go mbunófar láithreach struchtúr tacaíochta d'fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí Gaeltacht agus Gaelscolaíochta.

Go rachadh COGG i dteagmháil le húdaráis na gcoláistí oideachais agus leis na coláistí ollscoile chun na féidearthachtaí a phlé maidir le cúrsaí iarchéime a bhunú i réimsí a bhaineann le sainriachtanais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

Go gcuirfí deiseanna ar fáil agus go spreagfaí múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge féin.

Go n-eagrófaí cúrsaí inseirbhíse do mhúinteoirí atá ag teagasc i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge cheana féin agus nach bhfuair aon sainoiliúint chuige.

Go n-eagrófaí cúrsaí inseirbhíse do mhúinteoirí cálithe a mbeadh suim acu aistriú go scoil Gaeltachta nó lán-Ghaeilge.

Go n-eagrófaí cúrsaí inseirbhíse do mhúinteoirí a mbeadh suim acu cineálacha eile tumoideachais, seachas an tumoideachas ionlán, a fhorbairt ina gcuid scoileanna faoi mar atá molta i dtuarascáil Harris (2006).

Cumann gairmiúil

Go dtionscnódh COGG comhchainteanna le hEagraíocht na scoileanna Gaeltachta, le Gaelscoileanna, le Comhar na Múinteoirí Gaeilge, leis na ceardchumainn mhúinteoireachta 7rl. d'fhoínn cumann gairmiúil a bhunú do mhúinteoirí atá ag teagasc trí Ghaeilge ar nós cumann cosúil le ILSA (Cumann na múinteoirí tacaíochta foghlama) nó CAIT (Canadian association for immersion teachers). Chuideodh cumann dá short le múinteoirí freagrácht a ghlacadh as a bhfoghlaím agus as a bhforbairt ghairmiúil féin. Spreagfadhbh sé taighde sa réimse seo agus roinnt an dea-chleachtais.

Summary

Teacher education encompasses pre-service, induction and continuing professional development. It involves all aspects of the learning process, which have as their goal, the improvement of pupil learning, and it continues throughout a teacher's career. The needs of teachers will be different depending on their age and teaching experience. These needs fall into three different categories; personal needs, school needs and system needs. It is important that a balance is maintained in meeting these differing needs.

The defining features of teaching through the medium of Irish in Gaeltacht and all-Irish schools were identified in section 3 above. It was demonstrated how these specific needs are not being met at present in the pre-service education, induction and professional development of teachers in the Republic of Ireland. Examples of the types of programme provided in other countries were given as possible models for the education of teachers to teach through the medium of Irish. One such course in Toronto, Canada, offers the following modules:

- 1 Methods and techniques for content-based teaching in immersion;
- 2 Integrating the formal aspects of French language teaching (grammar, vocabulary, pronunciation) into content-based, immersion teaching; and
- 3 Integrating culture, strategy training, language awareness into immersion curricula.

(Ontario Institute for Studies in Education, 2005)

The identification of the needs of teachers is an important element in the design of any education programme. One has to be cautious, however, in not restricting the scope of any programme to these identified needs as teachers may identify their most pressing needs and ignore other important ones. An effective professional development programme should give teachers the opportunity to take responsibility for their own learning and to share their experience and expertise with their colleagues. This can be facilitated in a variety of ways through the establishment of communities of learning, summer schools, post-graduate courses, etc.

In order to implement these proposals and to prioritise the specific needs of teachers in Gaeltacht and all-Irish schools a support structure needs to be set up. The suggested responsibilities of this structure were listed in section 6 while recognising that the commissioning of research in this area also needs to be examined. Such a structure would require sufficient funding and personnel in order to undertake its work effectively.

Proposals

Pre-service

That COGG would consult with the authorities in the colleges of education in order to assess the current provision for immersion education and teaching through Irish with a view to improving the situation. This could be done through the provision of extra modules and new courses in teaching through Irish. The Higher Education Authority (HEA) should also be consulted regarding funding for such courses.

COGG should consult with the HEA and with the authorities of the colleges that organise the Higher Diploma in Education (H.Dip.) courses with a view to:

- Increasing the number of H.Dip. courses similar to the Ardteastas san Oideachas course in NUIG.

- Including a module on teaching through Irish and through a second language on their H.Dip. courses.

- Comhairle na Gaelscolaíochta (Northern Ireland) should also be consulted with a view to collaborating in the provision of such courses.

That an independent college of education be established to educate teachers to teach in primary and secondary Gaeltacht and all-Irish schools.

- This college should be part of a university structure in order to guarantee academic standards, to draw on wider expertise and to provide personal development opportunities for students.

- This college could provide postgraduate diploma courses initially and degree courses in time including masters' degrees.

- Students should be educated in an Irish speaking environment.

That COGG would consult with the Teaching Council to discuss the pre-service provision for teaching through Irish and to ensure that the Teaching Council is aware of its importance.

That the competence of teachers to teach Irish, and through Irish, should be discussed with the Teaching Council and the Inspectorate with a view to addressing identified needs in this area. Such a discussion would be opportune in light of the Official Languages Act, the report of An Coimisinéara Teanga (Language Commissioner), the official status of Irish within the European Union and the Harris (2006) report.

Induction

That COGG would contact the coordinators of the induction programmes in St. Patrick's College, Drumcondra, and in University College Dublin to discuss the needs of newly qualified teachers in Gaeltacht and all-Irish schools.

To impress upon the coordinators of the induction programmes that there are teachers teaching through Irish at primary and post-primary level and that it is necessary to include the improving of their standard in Irish together with the other specific needs associated with teaching through Irish.

Continuing professional development

That COGG would continue with the contacts made with the various groups which currently provide inservice for teachers such as SLSS, PCSP, SDPI, LDS etc. to ensure, as far as is possible, that the specific needs of teachers in Gaeltacht and all-Irish schools are catered for.

That a support structure for the professional development needs of teachers in Gaeltacht and all-Irish schools be established immediately.

That COGG would consult with the authorities in the colleges of education and universities to discuss the possibilities of providing postgraduate courses to meet the specific needs of teachers in Gaeltacht and all-Irish schools.

That opportunities and incentives would be provided for teachers in Gaeltacht and all-Irish schools to improve their standard of Irish.

That inservice courses be organised for teachers in Gaeltacht and all-Irish schools that didn't receive pre-service education in this area.

That inservice courses be organised for qualified teachers who would be interested in transferring to a Gaeltacht or all-Irish school.

That inservice courses be organised for teachers who would be interested in other types of immersion education, apart from total early immersion, as proposed in the Harris report (2006).

Professional association

That COGG would initiate consultative talks with Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta, with Gaelscoileanna, with Comhar na Múinteoirí Gaeilge, with the teacher unions etc. in order to establish a professional association for teachers teaching through the medium of Irish similar to ILSA (Irish Learning Support Teachers Association) or CAIT (Canadian association for immersion teachers). Such an association would facilitate teachers in taking responsibility for their own learning and professional development needs. It would also encourage research in this area and the dissemination and sharing of good practice.

Leabharliosta

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2006) *Teanga agus litearthacht i mbunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán: Cuntas ar chleachtais.* Baile Átha Cliath: An tÚdar.

An Roinn Oideachais (1984) *Report of the Committee on Inservice Education* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais (1995) *Cairt don Oldeachais sna Blianta Romhainn (Páipéar Bán ar Oldeachas)* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2002) *Preparing Teachers for the 21st Century* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2005) *Beginning to Teach: Newly Qualified Teachers in Irish Primary Schools* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Bernhardt, E. (1992) *Life in Language Immersion Classrooms* Clevedon: Multilingual Matters.

Bjorklund, S. (1997) Immersion in Finland in the 1990s: A state of development and expansion. In Johnson, R agus Swain, M (Eag.) *Immersion Education: International Perspectives* Cambridge: Cambridge University Press.

Brinton, D., Snow, M. agus Wesche, M. (2003) *Content-Based Second Langauge Instruction* Michigan: University of Michigan Press.

Burke, Andrew (1992) 'Teaching Retrospect and Prospect' in *Oideas* 39.

Carr, John (1991) Issues of Provision, Access, Participation, and Incentives: the Profession's Response in Swan, D. (Eag.) *Teachers as Learners: Inservice Education for the 1990's*.

CHL Consulting Group (1991) *Review of Professional Development in Teaching* NCCA (Dréacht-thualrisc neamhfhoilsithe).

Comhar na Múinteoirí Gaeilge (1981) *Bunoideachas Trí Ghaeilge sa Ghaeltacht* Baile Átha Cliath: An tÚdar.

Cumann Múinteoirí Éireann (1993) *The Professional Development of Teachers* Baile Átha Cliath: An tÚdar.

Cumann Múinteoirí Éireann (1994) *A Career in Teaching: Develop-Recognise-Reward* Baile Átha Cliath: An tÚdar.

Cumann Múinteoirí Éireann (1998) *An Ghaeilge sa Bhunscoil – Plécháipeás*. Baile Átha Cliath: An tÚdar.

Cumann na n-Ionad Múinteoirí in Éirinn (1993) *Survey & Analysis of the Inservice Requirements in the Primary School System – Final Report Cáipéis neamhfhoilsithe.*

Day, Elaine & Shapson, Stan (1993) French Immersion Teacher Education: A Study of Two Programs in *The Canadian Modern Language Review*, 49(3): 446-465.

Day, E agus Shapson, S (1996a) *Studies in Immersion Education*. Clevedon: Multilingual Matters.

Day, Elaine & Shapson, Stan (1996b) A National Survey: French Immersion Teachers' Preparation and their Professional Development Needs in *The Canadian Modern Language Review*, 52(2): 248-270.

de Courcy, M. (2002) *Learners' Experiences of Immersion Education*. Clevedon: Multilingual Matters.

DENI (2004) *The Professional Development of Teachers and Principals in Irish-Medium Education*. Department of Education: Bangor.

DENI (2004) *Forbairt ghairmiúil na múinteoirí agus na bpriomhoildí in earnáil na Gaelscolaíochta* http://www.deni.gov.uk/facts_figures/RB3%202004%20irish.pdf

Egan, E. (2004) Continuing Professional Development of Teachers. In Burke, A. (Eag.) *Teacher Education in the Republic of Ireland: Retrospect and Prospect*. Armagh: SCoTENS.

Fullan, Michael (1992) *Successful School Improvement: The Implementation Perspective and Beyond*. Buckingham: Open University Press.

Fullan, Michael (2004) *Systems Thinkers in Action: Moving Beyond the Standards Plateau*. Nottingham: Department for Education and Skills. (Ar fáil ó: www.standards.dfes.gov.uk/innovation-unit)

Gaelscoileanna (1994) *Iarratas le hAghaidh Maoiniú ar Chúrsáí Inseirbhíse do Mhúinteoirí na mBunscoileanna Lán-Ghaeilge Cáipéis neamhfhoilsithe.*

Hargreaves, David (1994) The New Professionalism: The Synthesis of Professional and Institutional Development in *Teacher & Teacher Education* 10(4) 423-438.

Harris, J. (2006) *An Ghaeilge sna bunscoileanna: Treocheáí náisiúnta fadteármacha in inniúlacht.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Hicks, D (2003) *Breton – The Breton Language in education in France*
http://www1.fa.knaw.nl/mercator/regionale_dossiers/regional_dossier_breton_in_france2.htm 27.01.06

Hyland, Áine and Hanafin, Joan (1996) Models of Incareer Development in The Republic of Ireland: An Analysis in *Irish Educational Studies* 15: 144-171.

Johnson, R agus Swain, M (1997) *Immersion Education: International Perspectives* Cambridge: Cambridge University Press.

Jones, M (2001) *Welsh - The Welsh Language in education in the United Kingdom*
http://www1.fa.knaw.nl/mercator/regionale_dossiers/regional_dossier_welsh_in_uk.htm 20.12.05

Knipe, D. agus Ó Labhraí, J. (2004a) Eispéiris Forbartha Gairmiúla Múinteoirí san Earnáll Lán-Ghaeilge i dTuaisceart na hÉireann in *Taighde agus Teagasc* 4 111-131.

Knipe, D., Bunting, G., Ó Labhraí, J., Nig Uidhir, G. agus Mhic Aoidh, E. (2004b) The Professional Development of Teachers and Principals in Irish-Medium Education Bangor: An Roinn Oideachais, Tuaisceart na hÉireann.

Knipe, D. agus Ó Labhraí, J. (2005) The In-Service Training Experiences of Teachers in the Irish-Medium Sector in Northern Ireland in *Journal of In-service Education* 31 (1) 191-210.

Lapkin, Sharon, Swain, Merrill and Shapson, Stan (1990) French Immersion Research Agenda for the 90's in *The Canadian Modern Language Review* 46(4) 638-674.

Mac Corraídh, Seán (1999) Eolaíocht sa Ghaelscoil An tUltach 76 (4) 12-13.

Mac Donnacha, S., Ní Chualán, F., Ní Shéaghdha, A. agus Ní Mhainín, T (2005) *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004* Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Mac Donnacha, S.(2005) *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta: Léargas ó na Príomhoidí, na Múinteoirí agus na Tuismitheoirí Gaillimh:*

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

Mac Mathúna, Liam (1995) Irish in Ireland: Primary Level Teacher Training i Dekkers, A., (Eag.) *Teacher Training of Minority Languages for Primary and Secondary Education* Iml. 2 EMOL, Mercator-Education.

MacNeil, Morag M (1994) Immersion Programmes Employed in Gaelic-Medium Units in Scotland i *Journal of Multilingual & Multicultural Development* 15(2 & 3) 245-252.

Máirtín, C (1999) Student perceptions of the B.Ed. programme (Cáipéis neamhfhóilsithe.) Iuaite in *Preparing Teachers for the 21st Century* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

McLaughlin, M & Marsh, D (1990) Staff Development and School Change. In Ann Lieberman (Eag.) *Schools as Collaborative Cultures: Creating the Future Now*. London: Falmer Press.

McLoed, W. (2003) Foghlaim tro mheadhan na Gàidhlig ann an Alba, Gaelic-medium education in Scotland. In Scott, M. agus Ní Bhaoill, R. (Eag.) *Gaelic-Medium Education Provision: Northern Ireland, the Republic of Ireland and the Isle of Man*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

McMahon, Agnes (1998) What Teachers Think of Professional Development in *Professional Development Today* 2(1) 69-79.

McNiff, Jean & Collins, Úna (1994) *A New Approach to In-Career Development for Teachers in Ireland* Dorset: Hyde Publications.

Muintearas (2000) *Gnéithe den Oideachas Gaeltachta: Impleachtaí Polasaí Gaillimh:* An tÚdar.

National Council for Curriculum and Assessment (1991) *Review of Professional Development in Teaching Cáipéis neamhfhóilsithe.*

National Forum Secretariat, (1998) *The Report on The National Forum for Early Childhood Education* Baile Átha Cliath, An tÚdar.

Ní Bhaoill, R (2004) Irish - The Irish Language in education in Northern Ireland
http://www1.fa.knaw.nl/mercator/regionale_dossiers/regional_dossier_irish_in_northernireland.htm 27.01.06

Ní Chaisil, F. (2000) *Caighdeán labhartha na Gaeilge sna meánscoileanna lán-Ghaeilge i*

mBaile Átha Cliath ó thaobh dearcadh na múinteoirí de. Tráchtas M.Ed. Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

Ní Ghadhra, A (2005) *Plean Oiliúna Trí Bliana Béal* Feirste: Comhairle na Gaelscoláiochta.

Ní Mhaoláin, N (1996) *Gaelscoileanna mar Chórás Bunoideachais in Éirinn* Tráchtas M.Oid. Coláiste na hOllscoile Corcaigh.

Ó Duibhir, P. (2000) *Riachtanais forbartha gairmiúla bunmhúinteoirí Gaelscoile Tráchtas M.Léinn. Coláiste na Trionóide, Ollscoil Átha Cliath.*

OECD (1991) *Reviews of National Policies For Education: Ireland.* Páras: An tÚdar.

OECD (1998) *Ireland: Establishing In-Service Training as a Priority i Staying Ahead In-Service Training and Teacher Professional Development,* An tÚdar.

Oldroyd, D. agus Hall, V. (1991) *Managing Staff Development* London: Paul Chapman.

Ontario Institute for Studies in Education (2005) *Student Guide 05-06* <http://ro.oise.utoronto.ca/relatedstudies.html#french> 24.01.06

Robertson, B (2001) *Gaelic – The Gaelic Language in education in the United Kingdom* http://www1.fa.knaw.nl/mercator/regionale_dossiers/regional_dossier_gaelic_in_uk.htm 21.12.05

Rúnaíocht Chomhdháil Náisiúnta an Oideachais (1994) *Tuarascáil Chomhdháil Náisiúnta an Oideachais Baile Átha Cliath An tÚdar.*

Sparks, D. agus Hirsh, S. (1997) *A New Vision for Staff Development* Virginia: Association for Supervision and Curriculum Development.

Spence, Brian (1996) *The Need for In-Service Education i McClelland, V. Alan and Varma, Ved (Eag.) *The Needs of Teachers* London, Cassell.*

Staessens, Katrine (1993) Identification and

Description of Professional Culture in Innovating Schools in *Qualitative Studies in Education* 6(2) 111-128.

Steele, P. (2003) Oideachas trí mheán na Gaeilge i dTuaisceart Éireann. In Scott, M. agus Ní Bhaoill, R. (Eag.) *Gaelic-Medium Education Provision: Northern Ireland, the Republic of Ireland and the Isle of Man.* Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

Sugrue, Ciarán & Uí Thuama, Clíona (1997) Lifelong Learning for Teachers in Ireland: policy, provision and vision in *British Journal of In-service Education*, 23, lgh.55-70.

Sugrue, C (2002) Irish Teachers' Experiences of Professional Learning: implications for policy and practice. In *Journal of In-service Education*, 28(2): 311-338.

Sugrue, C (2004a) Whose curriculum is it anyway? Power, politics and possibilities in the construction of the revised primary curriculum. In Sugrue, C. (Eag.) *Curriculum and Ideology*. Dublin: Liffey Press.

Sugrue, C (2004b) Rhetorics and realities of CPD across Europe: from cacophony towards coherence. In Day, C. agus Sachs, J. (Eag.) *International Handbook on Continuing Professional Development of Teachers*. Berkshire: Open University Press.

Tuarascáil an Chomhchoiste Um Oideachas sa Ghaeltacht (1986) Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair.

Swain, Merrill (1998) Focus on form through conscious reflection. In Doughty, C. agus Williams, J. (Eag.) *Focus on form in classroom second language acquisition*. Cambridge: Cambridge University Press.

Tedick, D (2005) *Certificate in Language Immersion Education* <http://education.umn.edu/SPS/programs/certificates/LanguageImmersion.html> 24.01.06

Webster, A. (1990) *Identification of Teachers' Professional Development Needs* Tráchtas M.Phil , Ollscoil Bristol.





www.cogg.ie

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaiochta

